# Leabharlann Náisiúnta na hÉireann

# Beartas maidir leis an Teilifís Ciorcaid Iata (TCI)



Cóipcheart © 2018 | an Leabharlann

## Clár na nÁbhar

1.0 Policy Statement ........ **Error! Bookmark not defined.**

2.0 Applicable CCTV Legislation ........ **Error! Bookmark not defined.**

3.0 Purpose of CCTV at NLI ........ **Error! Bookmark not defined.**

4.0 Legal Basis for the use of CCTV ........ **Error! Bookmark not defined.**

5.0 Scope ........ **Error! Bookmark not defined.**

6.0 General Principles ........ **Error! Bookmark not defined.**

7.0 Recording & Retention ........ **Error! Bookmark not defined.**

8.0 Signage ........ **Error! Bookmark not defined.**

9.0 Roles and Responsibilities ........ **Error! Bookmark not defined.**

10.0 Installation and Maintenance of the CCTV System and Data Processing**Error! Bookmark not defined.**

11.0 Access to Personal Data ........ **Error! Bookmark not defined.**

12.0 Access Requests from An Garda Síochána ........ **Error! Bookmark not defined.**

13.0 Implementation & Review ........ **Error! Bookmark not defined.**

14.0 Definitions: ........ **Error! Bookmark not defined.**

## 1.0 Ráiteas Beartais

Tá sé de fhreagracht reachtúil ar Leabharlann Náisiúnta na hÉireann (LNÉ) slándáil agus sábháilteacht gach léitheora, cuairteora, baill foirne agus conraitheora a chosaint agus iad ar áitribh na Leabharlainne. Déanfar na sonraí pearsanta ar fad a phróiseáil de réir na reachtaíochta ábhartha agus de réir Bheartas Cosanta Sonraí LNÉ. Is é LNÉ an Rialaitheoir Sonraí ar na sonraí pearsanta a bhailítear. Áireofar sna sonraí pearsanta a bhaileofar íomhánna agus gluaiseachtaí léitheoirí, cuairteoirí, baill foirne, conraitheoirí agus daoine aonair príobháideacha. Cuid lárnach de shábháilteacht agus slándáil fhoirgnimh agus spásanna LNÉ a fheabhsú is ea an Teilifís Ciorcaid Iata (TCI) agus meastar údar maith a bheith léi.

Is é cuspóir an bheartais seo rialú a dhéanamh ar úsáid TCI chun monatóireacht a dhéanamh ar thimpeallacht inmheánach agus sheachtrach fhoirgnimh agus thailte na Leabharlainne Náisiúnta. Is é an aidhm ná a chinntiú go n-úsáidtear oibriú, monatóireacht agus rochtain ar chórais TCI, agus aon úsáid a bhaintear as íomhánna TCI mar thoradh air, go trédhearcach comhréireach de réir na reachtaíochta um chosaint sonraí, Bheartas Cosanta Sonraí na leabharlainne agus treoir a thugann an Coimisiún um Chosaint Sonraí.

## 2.0 An Reachtaíocht TCI is Infheidhme

Gabhann ceamaraí TCI íomhánna inaitheanta de dhaoine aonair agus, dá réir sin, próiseálann siad sonraí pearsanta. Ní mór TCI a oibriú mar sin de réir na nAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 go 2018, an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (Rialachán (AE) 2016/679) (RGCS) agus treoir arna heisiúint ag Oifig an Choimisiúin um Chosaint Sonraí (an Dlí um Chosaint Sonraí i dteannta a chéile). Le chéile, rialaíonn na rialacha agus na rialacháin seo an bealach a mbailíonn, a bpróiseálann agus a gcosnaíonn LNÉ sonraí pearsanta.

## 3.0 An Aidhm le TCI ag LNÉ

Baintear úsáid as an gcóras TCI ar mhodh gairmiúil, eiticiúil agus dlíthiúil agus tá cosc ar aon atreorú ar úsáid teicneolaíochtaí slándála TCI chun críocha eile leis an mbeartas seo. Úsáidfear é chun na haidhmeanna agus na cuspóirí dlisteanacha a bhaint amach ina leith seo agus mar a mheasann LNÉ is gá, agus ar mhaithe le:

- sláinte agus sábháilteacht léitheoirí, cuairteoirí, ball foirne agus conraitheoirí

- foirgnimh, spásanna agus acmhainní LNÉ a chosaint i gcónaí ar chaillteanas, iompar frithshóisialta, loitiméireacht nó damáiste
- gníomhaíocht choiriúil, nó rochtain neamhúdaraithe, a dhíspreagadh agus a bhrath, agus cabhrú le ciontóirí a aithint, a imscrúdú, a bhrath, a ghabháil agus a ionchúiseamh, lena n-áirítear fianaise a sholáthar agus cuidiú leis an nGarda Síochána le haon fhiosrúcháin ghaolmhara
- mar fheidhm choimhdeach ní dhéanfar monatóireacht ar léitheoirí, ar chuairteoirí, ar bhaill foirne agus ar chonraitheoirí ach amháin i gcás teagmhais shonrach a dteastaíonn imscrúdú faoi Bheartas, Gnás nó Cód LNÉ
- cuidiú le réiteach teagmhais a bhaineann le guaiseacha, gortuithe nó neasteagmhais san áit oibre; chun cabhrú le próiseáil líomhaintí/éilimh in éadan LNÉ.
- Cabhrú le LNÉ i gcás go bhfuil a ghnásanna casaoide, araíonachta nó dínit ag an obair curtha in agair. Ní bhainfear úsáid as faireachas TCI chun monatóireacht a dhéanamh ar dhaoine aonair chun fianaise a bhailiú chun gnás a agairt. A chur ar chumas LNÉ freagra a thabhairt ar iarratais dhlisteanacha chun imscrúdú a dhéanamh ar ghearáin, líomhaintí, timpistí, teagmhais sláinte, sábháilteachta agus slándála agus nuair a bhíonn bunús dlí leis sin a dhéanamh m.sh. le haghaidh imeachtaí dlí nó imscrúduithe árachais.

Más rud é, agus na cuspóirí seo á gcomhlíonadh, go bhfaightear íomhánna de dhaoine atá ag déanamh gníomhartha de chineál mídhleathach agus / nó gníomhartha a sháraíonn beartais agus gnásanna LNÉ, féadfar iad seo a úsáid mar fhianaise.

Cé go bhfuil gach iarracht déanta i leagan amach an chórais TCI chun éifeachtacht uasta a thabhairt dó, ní féidir a chinntiú go mbraithfidh sé gach teagmhas a tharlaíonn i bhfoirgnimh agus tailte na Leabharlainne.

## 4.0 An Bunús Dlí le húsáid TCI

Faoin Dlí um Chosaint Sonraí, teastaíonn bunús dlí chun sonraí pearsanta a phróiseáil. Eascraíonn an bunús dlí le húsáid TCI ag LNÉ as reachtaíocht agus leas an phobail, agus go háirithe an t-údarás oifigiúil atá dílsithe don rialaitheoir (LNÉ) mar a leagtar amach san Acht um Fhorais Chultúir Náisiúnta, 1997, a leagann amach freagracht as seilbh iomlán agus eisiach, áitiú agus rialú áitribh LNÉ agus a chuid bailiúchán. Tá foirgnimh agus tailte LNÉ, ag Sráid Chill Dara, faoi úinéireacht Oifig na nOibreacha Poiblí, le húsáid agus áitíocht na bhfoirgneamh ag LNÉ. Ina theannta sin, léasaíonn Oifig na nOibreacha Poiblí an Chartlann Náisiúnta

Grianghrafadóireachta agus saoráid stórála tráchtála ag an bPáirc Thiar le húsáid agus le háitiú ag LNÉ.

An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005

- Oibleagáid Dhlíthiúil: imscrúdú ar líomhaintí, gearáin, timpistí agus teagmhais agus fíorú fíricí ina leith sin; agus
- Cosc, brath agus díspreagadh na coireachta.

Ní bhainfear úsáid as córais TCI chun críocha ar bith seachas mar a leagtar amach i gcuid 3 thuas agus mar a bheidh i gcomhréir leis an mbunús dlí úsáide atá sonraithe sa chuid seo anuas air sin.

Ina theannta sin ní bhainfear feidhm as TCI ar bhealach a sháraíonn cearta fostaithe ar phríobháideachas san áit oibre ná ar bhealach atá contrártha leis na cuspóirí atá leagtha amach anseo agus i gCuid 3 thuas.

## 5.0 Raon Feidhme

Baineann an beartas seo le húsáid córas TCI ar fud gach limistéar d'fhoirgnimh agus spásanna LNÉ, laistigh agus lasmuigh ar phríomhchampas Shráid Chill Dara agus ag an gCartlann Náisiúnta Grianghrafadóireachta, Barra an Teampaill, agus i saoráidí stórála LNÉ ag an bPáirc Thiar.

## 6.0 Prionsabail Ghinearálta

- Cloí le moltaí an Choimisinéara Sonraí maidir le cosaint sonraí.
- Déanfar monatóireacht ar fhíseáin ar bhealach eiticiúil, dlíthiúil agus gairmiúil de réir mar a mheasann LNÉ a bheith riachtanach agus de réir na reachtaíochta ábhartha.
- I gcás go dtuairisceofar teagmhas do Roinn Eastát LNÉ nó don Oifigeach Cosanta Sonraí, déanfaidh an Bainisteoir Foirgnimh agus Slándála athbhreithniú ar an bhfíseán den suíomh sainaitheanta agus, mura mbeidh sé/sí ar fáil, déanfaidh an Ceann Eastát é, agus díreofar orthu de réir mholtaí an Choimisinéara Sonraí.
- Ní scaoilfear cóip den fhíseán ach ar iarratas oifigiúil i scríbhinn a fháil ón nGarda Síochána.

- Is féidir le Gnáthshaoránaigh (duine is ábhar do na sonraí) iarratas a dhéanamh chuig Oifigeach Cosanta Sonraí LNÉ le haghaidh cóip d'fhíseán faoin Acht um Chosaint Sonraí, 2018 agus faoi Bheartais agus Gnásanna Cosanta Sonraí LNÉ, atá ar fáil ar an leathanach gréasáin de chuid LNÉ ar a ndéantar plé le cosaint sonraí.
- Is féidir le Gnáthshaoránaigh (duine is ábhar do na sonraí) leas a bhaint as a gcearta eile um chosaint sonraí faoi Bheartais agus Gnásanna Cosanta Sonraí LNÉ (ar fáil ar shuíomh Gréasáin LNÉ) trí theagmháil a dhéanamh le hOifigeach Cosanta Sonraí LNÉ ag dataprotection@nli.ie
- Is féidir le Gnáthshaoránaigh (duine is ábhar do na sonraí) gearán a dhéanamh leis an gCoimisinéir Cosanta Sonraí tríd an nasc seo a leanas: https://www.dataprotection.ie/ga/contact/how-contact-us
- Níl cead rochtana ar na freastalaithe TCI ach amháin ag an gCeann Eastát LNÉ agus ag Bainisteoir Foirgnimh agus Slándála LNÉ nó ag ceapaí ainmnithe.

## 7.0 Taifeadadh agus Coinneáil

Úsáideann an córas TCI a suiteáladh in áitreabh LNÉ agus spásanna oscailte teicneolaíochtaí taifeadta digiteacha amháin. Déantar taifeadtaí go díreach ar dhiosca crua agus coinnítear iad ar feadh thart ar aon mhí amháin, nó de réir mar is gá ag LNÉ. I gcás go bhfuil imscrúdú ar bun ag an nGarda Síochána, nó imeachtaí dlí nó árachais eile, coinneofar na sonraí go dtí go mbeidh an cás críochnaithe.

## 8.0 Comharthaíocht

Taispeántar comharthaí in áiteanna feiceálacha ag na bealaí isteach chuig foirgnimh LNÉ sa dóigh is go mbeidh léitheoirí, baill foirne, conraitheoirí agus cuairteoirí ar an eolas go bhfuil ceamaraí TCI in úsáid:

Léirítear láithreacht TCI trí chomharthaí dátheangacha atá so-léite agus dea-shoilsithe in áiteanna feiceálacha ag gach bealach isteach a shainaithníonn an Leabharlann Náisiúnta agus a léiríonn cuspóir an chórais TCI agus sonraí teagmhála an rialaitheora sonraí, dataprotection@nli.ie.




**Sampla de Chomhartha TCI LNÉ, atá ar mhéid A4 nó A3 de ghnáth (ag brath ar an láthair)**

## 9.0 Róil agus Freagrachtaí

Tá córais TCI LNÉ á n-oibriú ag LNÉ. Déanann comhlacht cothabhála agus suiteála slándála conartha, a oibríonn faoi chonradh agus faoi chomhaontú próiseála sonraí, le hOifig na nOibreacha Poiblí an córas TCI a shuiteáil agus a chothabháil chun an tseirbhís a sholáthar.

Déanann pearsanra ón gcomhlacht slándála conartha, agus freastalaithe Eolaíochta agus Ealaíne de chuid LNÉ monatóireacht ar fhothaí beo TCI de réir an bheartais seo.

**Bainisteoir Foirgnimh agus Slándála LNÉ**

- Cinntíonn sé go n-úsáidtear córais TCI agus go ndéantar monatóireacht ar gach sruth físe de réir an bheartais seo.
- Cinntíonn sé go gcloíonn gach monatóireacht le haon reachtaíocht ábhartha a bhaineann le príobháideachas.
- Cinntíonn sé nach bhfuil rochtain ach ag daoine údaraithe ar fhíseáin agus sin amháin de réir mar is gá agus i gcónaí de réir théarmaí an bheartais seo agus i gcomhréir leis an Dlí um Chosaint Sonraí.
- Maoirsíonn sé úsáid monatóireachta TCI chun críocha sábháilteachta agus slándála ar fud fhoirgnimh LNÉ
- Comhordaíonn sé féachaint ar agus scaoileadh aon fhíseáin leis na páirtithe atá i gceist, is é sin, an Garda Síochána de réir fhorálacha an bheartais seo
- Coinníonn sé taifead d'íoslódáil agus d'eisiúint aon fhíseáin i loga scríofa a fhorordóidh an dáta agus an t-am a bhaineann leis an bhfíseán sin agus an chúis atá le híoslódáil agus athbhreithniú an fhíseáin.
- Cinntíonn sé go bhfuil aon chomharthaíocht riachtanach ceart agus i bhfeidhm, lena n-áirítear faisnéis ar conas dul i dteagmháil leis an Oifigeach Cosanta Sonraí

## 10.0 Suiteáil agus Cothabháil an Chórais TCI agus Próiseáil Sonraí

Déanann Oifig na nOibreacha Poiblí conradh do na conraitheoirí suiteála agus cothabhála do chóras TCI LNÉ thar ceann LNÉ. Beidh conradh scríofa a chomhlíonann an RGCS le conraitheoirí suiteála agus cothabhála. Baineann an méid seo a leanas le conradh den sórt sin: Tá conradh scríofa ag OOP leis an gcuideachta shlándála, a shonraíonn na réimsí a bhfuil monatóireacht le déanamh orthu, cé chomh fada is atá sonraí le stóráil, cad is féidir leis an gcuideachta shlándála a dhéanamh leis na sonraí, cad iad na caighdeáin slándála ba cheart a bheith i bhfeidhm agus cad iad na gnásanna fíoraithe atá i bhfeidhm. Sonraítear sa chonradh scríofa freisin go dtabharfaidh an chuideachta shlándála gach cúnamh réasúnach do LNÉ chun déileáil le haon iarratas rochtana ábhar a dhéantar faoi Airteagal 15 den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí a fhéadfaidh a bheith faighte ag LNÉ laistigh den chreat ama reachtúil (mí féilire amháin de ghnáth).

> *Ina chonarthaí Próiseálaithe faoi Airteagal 28, tabharfaidh OOP treoir dá conraitheoirí slándála comhoibriú go hiomlán lena dtionóntaí ar fad chun a gcuid oibleagáidí um Chosaint Sonraí a chomhlíonadh. Coinneoidh OOP na córais TCI mar aon le bonneagar eile an fhoirgnimh ar nós ardaitheoirí agus aláraim ionraidh.* (Beartas TCI OOP, 2018, lch.29)

Meastar gur "Próiseálaithe Sonraí" iad cuideachtaí slándála a stiúrann agus a oibríonn ceamaraí thar ceann LNÉ. Mar phróiseálaithe sonraí, oibríonn siad faoi threoir OOP, a chuireann iarratais ar aghaidh ó LNÉ. Cuireann Airteagal 32 den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí roinnt oibleagáidí ar phróiseálaithe sonraí. Áirítear orthu sin bearta slándála iomchuí a bheith i bhfeidhm chun scrios, caillteanas, athrú, nochtadh neamhúdaraithe nó rochtain ar shonraí pearsanta arna dtarchur, arna stóráil nó arna bpróiseáil ar bhealach eile a chosc, go háirithe i gcás go mbaineann an phróiseáil le tarchur sonraí thar líonra agus in éadan gach saghas próiseála neamhdhleathach. Is féidir an oibleagáid seo a chomhlíonadh trí rialuithe rochtana iomchuí a bheith ann ar stóráil íomhánna nó trí chriptiú láidir a bheith ann i gcás go gceadaítear cianrochtain ar thaifeadadh beo. Cuireadh foireann na cuideachta slándála ar an eolas faoina n-oibleagáidí maidir le slándáil sonraí.

Tá córas TCI na Leabharlainne cosanta ag pasfhocal agus ní féidir ach leis an gCeann Eastát agus an Bainisteoir Foirgnimh agus Slándála rochtain a fháil air.

Ní fhéadfaidh an Leabharlann Sonraí Taifeadta a fhaigheann sí tríd an gcóras TCI a scaoileadh d'aon tríú páirtí, ach amháin nuair a bheidh eisiúint dá leithéid údaraithe ag Ceann na nEastát.

## 11.0 Rochtain ar Shonraí Pearsanta

Faoin Dlí um Chosaint Sonraí, tá sé de cheart go gcuirfí in iúl dúinn an bhfuil sonraí pearsanta againn fút, agus má tá, conas a úsáidtear agus a roinntear iad, lena n-áirítear físeáin agus íomhánna TCI. Tá ceart ann freisin cóip a fháil de na sonraí pearsanta a bhaineann leat atá á gcoinneáil againn (**Iarratas Rochtana Ábhar**). I bhformhór na gcásanna, comhlíonfaimid Iarratas Rochtana Ábhar saor in aisce. Is féidir linn táillí réasúnta a ghearradh, áfach, bunaithe ar chostais agus speansais riaracháin, nuair is léir go bhfuil d'iarratas gan bhunús nó iomarcach.

Ba cheart Iarratais Rochtana Ábhar a dhéanamh chuig Oifigeach Cosanta Sonraí LNÉ (féach sonraí teagmhála thíos) laistigh de mhí amháin ón dáta a bhfuil na sonraí á lorg. Iarrfar ort fianaise d'aitheantais a chur i láthair (m.sh. doiciméad oifigiúil le grianghraf, amhail pas nó ceadúnas tiomána), chun cabhrú linn a chinntiú go bhfuil na sonraí cuí á dtabhairt don duine cuí.

Ba cheart go mbeadh d'iarratas chomh sonrach agus is féidir chun go mbeimid in ann an áit a bhfuil na sonraí áirithe á gcoinneáil a aithint. Chun cabhrú linn na sonraí cearta a aithint, tá sé an-chabhrach má dhéanann tú:

1. tréimhse ama chomh gar agus is féidir a thabhairt, óna dteastaíonn uait go gcuardóimid na sonraí chun taifid a fheiceáil (mar shampla, "1 Márta 2022, 3.45 go 4 i.n")
2. tuairim ar nádúr ginearálta do cheist a thabhairt (mar shampla, "maidir le teagmhas i halla isteach an phríomhfhoirgnimh")
3. na réimsí den Leabharlann ar thug tú cuairt orthu a chur in iúl dúinn (mar shampla, "Caifé" nó "céimeanna isteach") agus ainmneacha na mball foirne nó na rannóige a raibh tú ag déileáil leo (más bainteach).
4. na seirbhísí Leabharlainne ar bhain tú leas astu a chur in iúl dúinn.
5. ar iarratas a fháil, cuirfidh Oifigeach Cosanta Sonraí LNÉ é sin in iúl do Cheann na nEastát agus don Bhainisteoir Foirgnimh agus Slándála lena n-áirítear aon sonraí a cuireadh ar fáil chun cabhrú linn na sonraí ábhartha a aithint.
6. déanfaidh Bainisteoir Foirgnimh agus Slándála LNÉ athbhreithniú ar na sonraí atá ar fáil agus, nuair is gá, iarrfaidh sé ar na conraitheoirí cothabhála na sonraí a dhealú agus sonraí daoine eile nach bhfuil san iarratas a cheilt.
7. tuairisceoidh Bainisteoir Foirgnimh agus Slándála LNÉ ar chinneadh an athbhreithnithe sonraí (gan aon sonraí a bheith aimsithe nó cóip de na sonraí iarrtha a chur ar aghaidh) chuig Ceann na nEastát a údaraíonn scaoileadh chuig OCS LNÉ.
8. freagróidh OCS LNÉ an t-iarratas leis na sonraí ábhartha, i gcás go mbeidh siad ar fáil, faoi réir aon srianta mar a dtagraítear dóibh thíos.

Eiseofar freagra ar d'iarratas rochtana chugat chomh luath agus is féidir agus, i gcás ar bith, laistigh de mhí féilire amháin tar éis iarratas bailí a fháil. Más rud é, mar gheall ar chastacht agus líon na n-iarratas, go bhfuil gá le níos mó ama chun é a phróiseáil, féadfar síneadh dhá mhí eile a chur leis an tréimhse sin. Féadfaidh faisnéis eile nach mbaineann leatsa a bheith i dtaifid ina bhfuil do shonraí pearsanta. Níl aon oibleagáid orainn an fhaisnéis sin a scaoileadh mar chuid d'Iarratas Duine ar a Shonraí.

Tá díolúintí ar leith ann a chuireann srian leis an gceart rochtana agus a cheadaíonn diúltú d'iarratas. Is féidir achomharc in éadan diúltaithe a dhéanamh go díreach chuig an gCoimisiún um Chosaint Sonraí (féach sonraí teagmhála thíos).

Maidir le gach fiosrúchán a bhaineann le Cosaint Sonraí is féidir leat dul i dteagmháil leis an Leabharlann Náisiúnta ag:

| | |
|---|---|
| R-phost: | dataprotection@nli.ie |
| Seoladh Poist: | An tOifigeach Cosanta Sonraí<br>Leabharlann Náisiúnta na hÉireann<br>4 Sráid Chill Dara |

Baile Átha Cliath
D02 A322

Mura bhfuil tú sásta le toradh an fhreagra a fhaigheann tú ó LNÉ maidir le d'iarratas, tá tú i dteideal gearán a dhéanamh leis an gCoimisiún um Chosaint Sonraí, dream a fhéadfaidh an cheist a imscrúdú ar do shon.

An Coimisiún um Chosaint Sonraí

Suíomh gréasáin: https://www.dataprotection.ie/ga

Teileafón: +353 (0)761 104 800 /+353 (0)57 868 4800

R-phost: info@dataprotection.ie

Seoladh Poist: An Coimisiún um Chosaint Sonraí
21 Cearnóg Mhic Liam Theas,
Baile Átha Cliath
D02 RD28

## 12.0 Iarratais Rochtana ón nGarda Síochána

Faoin Dlí um Chosaint Sonraí, tá an Garda Síochána i dteideal sonraí pearsanta faoi dhaoine aonair a fheiceáil, más chun na gcríoch seo a leanas é:

- chun coireacht a chosc agus a bhrath;
- chun ciontóirí a ionchúiseamh;
- nuair is gá go práinneach chun gortú nó damáiste eile do leas an duine nó caillteanas tromchúiseach nó damáiste do mhaoin a chosc; agus
- nuair a cheanglaítear sin faoi ordú ón gCúirt nó faoi aon achtachán eile.

Ba cheart do chomhalta cuí-údaraithe den Gharda Síochána iarratais chun féachaint ar fhíseáin a dhéanamh i scríbhinn chuig an Oifigeach Cosanta Sonraí (féach na sonraí teagmhála ag 10 thuas).

## 13.0 Cur i bhFeidhm agus Athbhreithniú

Déanfar athbhreithniú ar an mbeartas gach 3 bliana nó de réir mar is gá i bhfianaise aon fhorbairtí reachtúla nó ábhartha eile, agus cuirfear san áireamh aon fhaisnéis nó treoirlínte nua ón gCoimisinéir Cosanta Sonraí agus ón nGarda Síochána, chomh maith le haon beartais inmheánacha nua ó LNÉ.

## 14.0 Sainmhínithe:

Sainmhínítear Sonraí Pearsanta faoi Airteagal 4 den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (‘RGCS’) mar

*“aon fhaisnéis a bhaineann le duine nádúrtha saineathanta nó in-sainaitheanta (“ábhar sonraí”); is é is duine nádúrtha in-sainaitheanta ann duine is féidir a shainaithint, go díreach nó go hindíreach, go háirithe trí thagairt a dhéanamh d’aitheantóir amhail ainm, uimhir aitheantais, sonraí suímh, aitheantóir ar líne nó ceann amháin nó níos mó de thosca a bhaineann go sonrach le céannacht fhisiceach, fhiseolaíoch, ghéiniteach, mheabhrach, eacnamaíoch, chultúrtha nó shóisialta an duine nádúrtha sin”.*

ciallaíonn ‘próiseáil’

*“aon oibríocht nó aon sraith d'oibríochtaí a dhéantar ar shonraí pearsanta nó ar shraitheanna de shonraí pearsanta, trí mhodhanna uathoibrithe nó trí mhodhanna eile, amhail bailiú, taifeadadh, eagrú, struchtúrú, stóráil, oiriúnú nó athrú, aisghabháil, ceadú, úsáid, nochtadh trí tharchur, trí scaipeadh nó trí chur ar fáil ar bhealach eile, ailíniú nó comhcheangal, srianadh, léirscriosadh nó díothú;”.*